


## Gníomhaíocht Daltaí: Fána

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Fána” ar CD an Dalta.



Athraíonn an sleamhnóir “Céim” an fhaisnéis ar an scáileán.

I dtosach báire, socraigh an sleamhnóir ag “Céim = 1”

1. Breacadh líne:  $x - 3y = 0$ . Féachaimis ar dhá phointe ar an líne sin: (3,1) agus (9,3).

Má tá tú chun imeacht ó (3,1) go dtí (9,3) cé mhéad aonad suas a théann tú? \_\_\_\_\_

2. An AIRDE a thugtar ar an uimhir sin. Tá an AIRDE cothrom le \_\_\_\_\_

3. Chun imeacht ó (3,1) fad le (9,3), cé mhéad aonad trasna a théann tú? \_\_\_\_\_

4. An BONNFHAD a thugtar ar an uimhir sin. Tá an BONNFHAD cothrom le \_\_\_\_\_

5. An cóimheas idir an AIRDE agus an BONNFHAD, sin an FHÁNA.

$$\text{Fána} = \frac{\text{Airde}}{\text{Bonnfhad}} = \frac{1}{3} = \frac{1}{3}$$

6. Féach na pointí sin arís: cé na luachanna a chuireann tú i gcomparáid chun an AIRDE a oibriú amach? \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

7. Féach na pointí arís: cé na luachanna a chuireann tú i gcomparáid chun an BONNFHAD a oibriú amach? \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

8. Sleamhnaigh “Céim” fad le 2.

Sleamhnaigh an dá phonc ghorma anonn thar dhá phonc dhubha. Déan nóta den fhána, agus triail an cleas céanna ar dhá phonc dhubha eile. Céard a thugann tú faoi deara faoin bhfána idir aon dá phointe ar an líne?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

9. Sleamhnaigh “Céim” fad le 3. Tarraing na poncanna dearga agus déan línte nua a chlaonann in airde ó chlé go deas. Céard is féidir a rá faoi fhána na línte sin uile?
- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_

10. Tarraing na poncanna aris agus déan línte a chlaonann síos ó chlé go deas. Céard a thugann tú faoi deara faoi fhána na línte sin uile?
- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_

11. Mura gclaonann líne suas ná síos, cén fhána atá inti? \_\_\_\_\_

12. Má choinnionn tú an airde mar an gcéanna agus má mhéadaíonn tú an bonnfhad,  
céard a tharlaíonn don fhána?

---

---

13. Má choinnionn tú an bonnfhad mar an gcéanna agus má mhéadaíonn tú an airde,  
céard a tharlaíonn don fhána?

---

---

14. Má choinnionn tú an airde mar an gcéanna agus má laghdaíonn tú an bonnfhad,  
céard a tharlaíonn don fhána?

---

---

15. Má choinnionn tú an bonnfhad mar an gcéanna agus má laghdaíonn tú an airde,  
céard a tharlaíonn don fhána?

---

---

16. Sleamhnaigh “Céim” fad le 4, 5, 6 etc. agus ionramháil na sleamhnóirí chun an fhána  
idir an dá phointe a tugadh duit a oibriú amach. **Nótáil:** Is féidir “Leid” a thiceáil má tá tú i  
sáinn, ach b’fhiú roinnt de na ceisteanna a dhéanamh as do stuaim féin freisin.